Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 17 Eanáir 2025**
**(OR. en)**

**5176/25**

**Comhaid Idirinstitiúideacha:**
**2024/0306(NLE)**
**2024/0305(NLE)**

**FRONT 4**
**COWEB 5**
**MIGR 6**

## NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe (Cuid 2)/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | 16475/24 + ADD 1+ ADD 2; 16476/24 + ADD 1 |
| Ábhar: | Cinneadh ón gComhairle maidir le síniú, thar ceann an Aontais Eorpaigh, agus cur i bhfeidhm sealadach an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin i ndáil le gníomhaíochtaí oibríochtúla arna ndéanamh ag an nGníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta sa Bhoisnia agus sa Heirseagaivéin<br>• glacadh<br>Cinneadh ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais Eorpaigh, agus cur i bhfeidhm sealadach an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin i ndáil leis na gníomhaíochtaí oibríochtúla arna ndéanamh ag an nGníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta sa Bhoisnia agus sa Heirseagaivéin<br>• iarraidh ar an toiliú ó Pharlaimint na hEorpa |

1. An 18 Samhain 2022, ghlac an Chomhairle cinneadh lena n-údaraítear tús a chur leis an gcaibidlíocht ar chomhaontú stádais idir an tAontas Eorpach agus an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin i ndáil le gníomhaíochtaí oibríochtúla arna ndéanamh ag an nGníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta sa Bhoisnia agus an Heirseagaivéin.

2. Is é is cuspóir don Chomhaontú, ar bhonn Airteagal 73(3) de Rialachán (AE) 2019/1896 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Samhain 2019 maidir leis an nGarda Teorann agus Cósta Eorpach agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) Uimh. 1052/2013 agus (AE) 2016/1624[1], údarú a thabhairt don Ghníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta foirne bainistithe teorann a imscaradh ón mbuanchór sa Bhoisnia agus sa Heirseagaivéin.

[1] IO L 295, 14.11.2019, lch. 1.

3. Tugadh an chaibidlíocht chun críche go rathúil nuair a chuir an Coimisiún agus an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin inisealacha leis an dréachtchomhaontú stádais. An 28 Samhain 2024, chuir an Coimisiún togra faoi bhráid na Comhairle le haghaidh Cinneadh ón gComhairle maidir le síniú, thar ceann an Aontais, an chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin, agus togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích an chomhaontaithe[2]. Dhearbhaigh na toscaireachtaí go n-aontaíonn siad leis na tograí ag cruinniú de Chomhairleoirí CGB (Frontiers) a bhí ar siúl an 5 Nollaig 2024.

4. Is é atá sa Chinneadh seo forbairt ar fhorálacha *aquis* Schengen nach nglacann Éire páirt iontu, i gcomhréir le Cinneadh 2002/192/CE ón gComhairle an 28 Feabhra 2002 maidir leis an iarraidh ó Éirinn a bheith rannpháirteach i roinnt forálacha de *acquis* Schengen[3]. Dá bhrí sin, níl Éire rannpháirteach i nglacadh an Chinnidh seo agus níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm.

5. I gcomhréir le hAirteagail 1 agus 2 de Phrótacal Uimh. 22 maidir le seasamh na Danmhairge, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, níl an Danmhairg rannpháirteach i nglacadh an Chinnidh seo agus níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm. Ós rud é go gcuireann an Cinneadh seo le *acquis* Schengen, cinnfidh an Danmhairg, i gcomhréir le hAirteagal 4 den Phrótacal sin, laistigh de thréimhse 6 mhí tar éis don Chomhairle cinneadh a dhéanamh ar an gCinneadh seo, an gcuirfidh sí chun feidhme ina dlí náisiúnta é.

6. Ba cheart an Comhaontú a shíniú agus an dearbhú comhpháirteach, atá i gceangal leis seo, a fhormheas.

7. Dá bhrí sin, moltar do Choiste na mBuanionadaithe a mholadh don Chomhairle, ag seisiún a bheidh aici amach anseo:

   (a) an Cinneadh lena n-údaraítear síniú agus cur i bhfeidhm sealadach an Chomhaontaithe a ghlacadh mar mhír ‘A’. Leagtar amach téacs an Chinnidh, agus an dearbhú comhpháirteach ag gabháil leis, agus téacs an Chomhaontaithe, mar a chuir na dlítheangeolaithe bailchríoch orthu, in 16664/24 agus 16665/24 faoi seach;

   (b) a chinneadh go bhfoilseofar téacs an Chinnidh thuasluaite in éineacht le téacs an Chomhaontaithe san Iris Oifigiúil;

[2] 16475/24 + ADD 1 + ADD 2 agus 16476/24 + ADD 1.
[3] IO L 64, 7.3.2002, lch. 20.

(c) a chinneadh an dréachtchinneadh maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe, a leagtar amach in 16666/24 agus ar chuir na dlítheangeolaithe bailchríoch air, a chur ar aghaidh chuig Parlaimint na hEorpa chun a toiliú a fháil.

8. Cuirfear Parlaimint na hEorpa ar an eolas i gcomhréir le hAirteagal 218(10) CFAE agus seolfar an cinneadh maidir le síniú chuig an bParlaimint.